AN DÚLRA

AN DOMHAN THART TIMPEALL ORAINN

Spriocanna an mhodúil

Baineann an pacáiste acmhainní oideachais seo leis an dúlra thart timpeall orainn – flora agus fauna na hÉireann. Tá na gníomhaíochtaí deartha chun cuidiú le daltaí go leor de na speicis chomónta éan, bláthanna, crainn agus feithidí a fheiceann siad thart timpeall orthu gach lá a aithint agus a ainmniú. Bíonn an bhéim is mó ar bhreathnú simplí, ag spreagadh daltaí chun stopadh agus féachaint. Chomh maith le haitheantas spreagfaidh an pacáiste daltaí breathnú ar na difríochtaí idir speicis agus scrúdú a dhéanamh cén fáth a mbíonn dathanna éagsúla orthu, breathnú mar a iompraíonn siad iad féin, cén áit a fhásann siad nó a mhaireann siad, cad a itheann siad agus cé a itheann iad.

Soláthraíonn an pacáiste smaointe do dhaltaí freisin ar conas fiadhúlra áitiúil a thabhairt faoi deara agus conas an méid a fheiceann siad a aithint, cur síos a dhéanamh orthu agus iad a shórtáil agus chun tuiscint a fháil ar shlabhraí bia agus iniúchadh a dhéanamh ar cad a theastaíonn ó phlandaí le fás. Ar deireadh, cuirfidh sé sin le feasacht na ndaltaí agus soláthróidh sé iad leis na huirlisí chun iniúchadh breise a dhéanamh ar an dúlra ina dtimpeallacht áitiúil.

Tá na gníomhaíochtaí agus na hiniúchtaí sa mhodúl leagtha amach le bheith in oiriúint do gach clós scoile, cibé áit ina mbíonn siad. Cuirtear smaointe éagsúla i láthair do scoileanna uirbeacha, do scoileanna faoin tuath agus do scoileanna sna bruachbhailte, beag nó mór.

Naisc churaclaim

Baineann an pacáiste seo leis an snáith dúile beo den OSIE, Eolaíocht agus Tíreolaíocht, go háirithe an snáithaonad ar phlandaí agus ainmhithe agus an tsraith Feasacht agus cúram imshaoil (snáithaonaid Feasacht imshaoil, Eolaíocht agus an imshaol agus Cúram imshaoil).

Déantar naisc churaclaim sainiúla freisin le hEalaín agus Drámaíocht agus an snáithaonad Daoine ag obair den churaclaim Tíreolaíochta. Déantar naisc freisin le Gaeilge, le Béarla agus le Matamaitic.



AN DÚLRA

Nótaí do Mhúinteoirí

leanúint →



Foramharc ar an topaic

Tá oidhreacht nádúrtha shaibhir ag Éire de bharr a staire geolaíche uathúla. Tá cineálacha gnáthóg in Éirinn atá gann ar fud na hEorpa nó nach bhfuil ann in aon chor. Tá 60 gnáthóg in Éirinn a aithníonn an AE a bhfuil gá lena gcaomhnú.

Gnáthóga

Coillearnach dhúchasach

Chlúdaigh coill leathanduilleach agus péine agus portach ardaithe an chuid is mó d'Éirinn thart ar 10,000 bliain ó shin. Ansin le linn na tréimhse neoilití, thart ar 5,000 bliain ó shin, tosaíodh ag glanadh na coillearnaí i gcomhair adhmaid agus talmhaíochta. Faoi thús an fichiú aois ní raibh foraois ag clúdach ach thart ar 1% den tír. Tá clúdach foraoiseach in Éirinn anois ar thart ar 10% den talamh ach is crainn bhuair-cíneacha neamhdúchasacha an chuid is mó díobh sin. Tá an leibhéal foraoise sin fós i bhfad níos ísle ná an meán Eorpach atá ag 31%. Tá thart ar 100,000 heicteár de choillearnach leathanduilleach dhúchasach na hÉireann fós ann. Áirítear leis na speicis dhúchasacha crainn agus toir, dair neamhghasánach, dair choiteann, fearnóg, beith gheal, crann silíní fiáine, bíoma bán, coll, fuinseog, caorthann, saileach agus trom agus tá siad sin le feiceáil i gcoillte agus i bpáirceanna ar fud na tíre.

Fálta

Tá fálta mar ghné chomónta de thuath na hÉireann fós. Tá siad ríthábhachtach mar ghnáthóga in Éirinn mar soláthraíonn siad conairí coilearnaí dúchasacha do roinnt speiceas plandaí agus ainmhithe. Ceanglaíonn na conairí fálta sin paistí iargúlta de choillearnacha dúchasacha. Cuireann an tAcht um Fhiadhúlra 2000 cosc ar ghearradh fálta agus níl cead iad a scrios idir an 15ú Márta agus an 31ú Lúnasa, ionas go féidir le héin neadú gan aon ní ag cur isteach orthu. Is féidir le scoileanna úsáid a bhaint as fálta ina gceantair áitiúla chun staidéar allamuigh a dhéanamh (ba chóir a bheith cúramach má bhíonn siad in aice le bóithre a bhíonn gnóthach). Má bhíonn sin oiriúnach, is féidir le scoileanna na fálta sin a "uchtú" má théann siad i gcomhairle leis an duine ar leis/léi an talamh agus leis an údarás áitiúil.

AN DÚLRA

Nótaí do Mhúinteoirí

leanúint →

Moing agus portach

Tá dhá chineál gnáthóga tailte portaigh leathbháite in Éirinn: moingeanna agus portaigh. Is ithir í móin atá déanta d'fhuíoll leathdhianscaoilte plandaí marbha a bhíonn os cionn a chéile i sraitheanna in áiteanna fliucha leis na mílte bliain. Faightear móin i moingeanna agus i bportaigh. Bíonn moingeanna alcaileach agus tagann an t-uisce ó sreamhuisce, agus bíonn portaigh aigéadach agus tagann an t-uisce ó bháisteach. Bíonn leibhéal an uisce i moingeanna gar do bharr na móna nó os a cionn. Bíonn an meán doimhneacht móna i moingeanna níos lú ná dhá mhéadar agus bíonn doimhneacht na móna i bportaigh idir dhá mhéadar agus dhá mhéadar déag.

Tá tailte portaigh éagsúla in Éirinn agus tá tábhacht idirnáisiúnta le go leor acu. Áirítear orthu sin moingeanna, portaigh arda, bratphortaigh ísealchríocha, portaigh sléibhe agus clúdaíonn siad thart ar 16% de dhromchla na hÉireann. Soláthraíonn moingeanna na hÉireann leo féin gnáthóga do 226 speiceas planda agus 638 speiceas ainmhithe.

Úsáidtear móin mar dhlúth-bhreosla agus i dtáirgí garraíodóireachta. De bharr dianshaothrú talmhaíochta agus cláir fhoraoisithe laghdaíodh an méid tailte portaigh atá oiriúnach do chaomhnú. Dar le Comhairle Chaomhnaithe Phortaigh na hÉireann, níl fágtha slán ach 19% d'acmhainní tailte portaigh.

Gnáthóga fionnuisce

Déanann naoi abhainn draenáil ar thart ar 50% de thalamh na hÉireann agus tá thart ar 6000 loch againn le hachar os cionn heicteár (10,000m2). Is féidir le draenáil artaireach abhainn ar thalamh talmhaíochta damáiste a dhéanamh do ghnáthóga abhann. Cuireadh isteach go mór ar iascaireacht bradán in abhainn na Bóinne agus sna fo-aibhneacha agus cuireadh isteach go mór freisin ar dhaonra na ndiúilicíní péarlaí agus ar an ngliomach fionnuisce de bharr an chineál gníomhaíochta sin.

Gnáthóga cósta agus mara

Tá cósta na hÉireann, lena n-áirítear na hoileáin thart ar 7100km ar fhad. Is iad na gnáthóga is uathúla ar ár gcósta ná:

- Pobail Maerl (sil-leaganacha d'algaí cailcreach dearg) ina bhfuil gnáthóg neamhghnách ina bhfuil flora agus fauna a ghabhann léi.
- Machair - mósáic de thailte fliucha, dumhcha agus féarthailte ar a mbíonn ba agus caoirigh ar féarach ach nach bhfuil le fáil ach idir Chuan na Gaillimhe agus Ceann Mhálanna.
- Tránna scaineagáin a bhíonn tábhachtach do speiceas inveirteabrach agus plandaí.
- Murlaigh cósta, den chuid is mó ar chósta an iardheiscirt agus ina mbíonn go leor feithidí agus flora.

Speicis in Éirinn

Ní fios go díreach cad é an líon díreach speiceas plandaí agus ainmhithe atá in Éirinn ach tá uimhreacha measta thíos:

Aithníonn an AE 25 speiceas Éireannach is gá a chaomhnú.

Níl ach aon reiptíl dúchasach amháin in Éirinn, an earc luachra. Thángthas ar an dara reiptíl, an t-earcán caoch (a fhéachann cosúil

Grúpaí	Feithidí	Amfaibiacha	Reiptílí	Iasc Fionnuisce	Éin	Mamaigh	Plandaí soithíocha
Líon	~16,000	3	1	27	140-168*	31 (42)**	1341

* lena n-áirítear speicis a bhíonn ann i gcónaí, speicis imirceach agus speicis a bhíonn ar cuairt sa samhradh/gheimhreadh

** is é an líon idir lúibíní na speicis mhara a fhaightear go minic.

AN DÚLRA

Nótaí do Mhúinteoirí

leanúint →



leis an bpéist talún agus a gceaptar go minic gur péist talún atá ann) ar an mBoirinn ach ceaptar gur tháinig sé isteach le déanaí ach níl sé chomh forleathan sin.

Bagairtí dár n-oidhreacht nádúrtha

I gcomparáid le cúpla céad bliain ó shin, tá laghdú tagtha ar raon flora agus fauna na hÉireann agus tá roinnt daonraí anois ann nach bhfuil le fáil ach i bpócaí ar leith.

Fachtóirí talmhaíochta

Bíonn drochthionchar ag roinnt cleachtais feirmeoireachta ar an tírdhreach, lena n-áirítear nuair a dhéanann caoirigh ró-innilt ar bhratphortaigh agus ar ghnáthóga toir sléibhe, sceitheadh ó shadhlas agus ó leasachán (a dhéanann damáiste do chórais fhionnuisce agus d'inbhir) agus nuair a fhaightear réidh le fálta dúchasacha.

Leathadh uirbeach

De réir dhaonáirimh 2002 in Éirinn, tá 3.9 milliún duine ina gcónaí sa tír, an líon is airde ó 1871. Cé gur tháinig ardú ar an daonra i ngach cúige in Éirinn tá trí oiread an méid ardú tagtha sna contaetha is gaire do Bhaile Átha Cliath (Cill Mhantáin, An Mhí agus Cill Dara) i gcomparáid le contaetha eile. Is féidir le diantógáil nuair nach mbíonn an bonneagar ceart i bhfeidhm (iompar, uisce agus áiseanna pleanáilte) drochthionchar a bheith aige ar ghnáthóga fhiadhúlra, lena n-áirítear laghdú agus briseadh na ngnáthóg agus cruthú fadhbanna truaillithe.

Teacht isteach speiceas

Tháinig go leor speiceas nua go hÉirinn leis na céadta bliain anuas. Téann roinnt speiceas a thagann go hÉireann isteach san éiceachóras gan aon tionchar díobhálach a dhéanamh don fhiadhúlra a bhíonn ann cheana féin. I gcásanna áirithe áfach cuireann roinnt eile deireadh le cuid de na speicis nádúrtha a bhí ann riamh. Mar shampla, nuair a tháinig an t-iora glas isteach go hÉirinn sna luath 1900aidí tháinig laghdú mór ar líon na n-ioraí rua; bhí drochthionchar ceart i dtréimhse an-ghairid ag an diúilicín riabhach a tháinig isteach sna 1990aidí ar roinnt de na diúilicíní fionnuisce dúchasacha; agus léiríonn na hiarrachtaí bliantúla a bhíonn sna Páirceanna Náisiúnta chun stop a chur le scaipeadh na ródaideandrón an gá a bhíonn le súil ghéar a choimeád ar speicis andúchasacha.

An tionscal turasóireachta

Cé gur cuid ríthábhachtach d'eacnamaíocht na tíre é tionscal turasóireachta na hÉireann is bagairt a bhíonn ann freisin dár n-oidhreacht nádúrtha agus do bhithéagsúlacht. I go leor cásanna tá áiteanna a bhí iargúlta in Éireann caoga bliain ó shin oscailte agus inrochtaine anois do thurasóirí. Mura ndéantar bainistiú

AN DÚLRA

Nótaí do Mhúinteoirí

leanúint →

orthu, beidh tionchair shuntasacha ag líon ard turasóirí (ar nós truailliú, bruscar, siúl ar fhásra plandaí, torann agus cur isteach ar an bhfiadhúlra, go háirithe ainmhithe a bhíonn ag pórú agus éin a bhíonn ar goir) ar ghnáthóga.

Tusa agus mise

Go minic agus muid ag plé ár n-imshaoil is iad ár nósanna agus ár ngnáthaimh is mó a dhéanann damáiste. Mar náisiún táimid bródúil as ár n-oidhreacht nádúrtha agus ag an am céanna caitear bruscar, déantar táirgí a dhumpáil agus déantar truailliú beag beann ar an flora agus fauna dúchasach. Tosaíonn cosaint ár bhfiadhúlra áitiúil le feasacht agus tuiscint níos fearr ar an imshaol nádúrtha áitiúil. Tá na gníomhaíochtaí agus na hiniúchtaí sa mhodúl seo deartha chun cúram a spreagadh i measc na ndaltaí i dtreo a gceantar áitiúil féin.

Cad is féidir le daltaí a dhéanamh?

Mar shaoránaigh gníomhacha is é an rud is mó is féidir linn a dhéanamh ná daltaí a spreagadh chun feasacht a fháil i leith an dúlra. Trí imscrúdú a dhéanamh ar mhionainmhithe agus forbairt a dhéanamh ar ghairdíní scoile faigheann daltaí iad féin taithí ar an bhfiadhúlra.

Tuigeann go leor daltaí an coincheap a bhaineann le planda ag fás as síol ach bíonn tionchar níos mó orthu san fadtéarma nuair a fheiceann siad an próiseas sin ón tús agus iad ag breathnú ar an bplanda ag fás.

Is féidir le daltaí tuiscint níos fearr a fháil ar an imshaol thart timpeall orthu nuair a thuigeann siad agus nuair a aithníonn siad an tábhacht a bhaineann lenár n-oidhreacht nádúrtha, flora agus fauna, bíodh siad sa chathair nó faoin tuath.

Ar scála níos mó, d'fhéadfadh scoileanna daltaí a spreagadh le bheith rannpháirteach i bhfeachtais áitiúla nó i bhfeachtais náisiúnta chun ár bhfiadhúlra a chosaint. Treoróidh na naisc thíos múinteoirí chuig Eagraíochtaí Neamhrialtais agus chuig carthanachtaí imshaoil a chuideoidh leo maidir le gníomh imshaoil.

Naisc eolais

Tá go leor láithreán gréasáin maith ann maidir leis an dúlra, lena n-áirítear roinnt suíomh iontach Éireannach. Níl sa mhéid a luaitear anseo ach roinnt acu sin.

Chun tuilleadh eolais a fháil maidir le foraoisí:

www.crann.ie
www.coillte.ie
www.treecouncil.ie

Ar éin:

www.birdwatchireland.ie

Chun eolas a fháil ar thailte portaigh, le hacmhainní oideachais sainiúla:

www.ipcc.ie

Tá acmhainní iontacha ag Ionad Oideachais Blackrock, lena n-áirítear eolas maidir le breathnú ar ainmhithe beaga agus ar mhionainmhithe:
www.blackrock-edu.ie

Tá eolas le fáil ar réimse topaicí ina bhfuil ábhair dírithe ar pháistí:
www.rte.ie/radio/mooneygoeswild/

Chun tuilleadh eolais níos sonraithe a fháil ar fhiadhúlra na hÉireann agus ar shaincheisteanna dlí agus polasaí féach:

www.iwt.ie

AN DÚLRA

Nótaí do Mhúinteoirí

leanúint →

An Pacáiste Dúlra- foramharc ar an ábhar

1 Cé a shnámhann ansin? Ag déanamh agus ag imscrúdú gnáthóige

Déanann na daltaí gnáthóg nó aithníonn siad gnáthóg ar thalamh na scoile agus déanann siad iniúchadh ar cad a mhaireann ansin. Bíonn an fócas ar mhionainmhithe (i.e. seangáin, damhán alla agus míolta beaga eile!) Is féidir breathnú ar ainmhithe beaga ina ngnáthóga nádúrtha i spásanna beaga agus le hacmhainní teoranta.

Téama Gníomhaíocht ranga (GR).

Snáitheanna Curaclaim
OSIE, Eolaíocht – Plandaí agus ainmhithe, Éagsúlacht agus tréithe gach dúile beo, Feasacht agus cúram imshaoil.

Scileanna Ag ceistiú, ag breathnú, ag tuar, ag sórtáil, ag aithint.

Am 35 nóiméad chun socrú suas; 15-20 nóiméad sa tseachtain chun staidéar a dhéanamh ar an ngnáthóg ar feadh na scoilbhliana.

2 Tabhair bia dom! Cad a theastaíonn ó phlanda le fás?

Breithníonn daltaí cad iad na hacmhainní a theastaíonn ó phlandaí le fás. Tosaíonn an t-iniúchadh le solas, ansin bogann sé ar aghaidh go dtí uisce, ithir agus teas. Ag múineadh daltaí trí thurgnaimh agus ag breathnú ar riachtanais phlandaí agus dá réir an tábhacht a bhíonn leis na hacmhainní nádúrtha sin a chosaint.

Téama Gníomhaíocht Ranga (GR)

Snáitheanna Curaclaim
OSIE, Eolaíocht – Plandaí agus ainmhithe; Iniúchadh ar na fachtóirí a chuireann isteach ar fhás phlandaí; Feasacht agus cúram imshaoil.

Scileanna Ag ceistiú, ag breathnú, ag tuar, ag iniúchadh, ag aithint.

Am 30 nóiméad chun socrú suas; 2 x 15- 20 nóiméad seisiúin chun leanúint ar aghaidh.

3 Cé a itheann cé? Déan móibíl de shlabhra bia

Déanann na daltaí iniúchadh ar roinnt de na hainmhithe agus plandaí i ngnáthóg áitiúil agus aithníonn siad iad. Déantar slabhra bia ón ngnáthóg a léiriú i móibíl a dhéanann na daltaí.

Foghlaimíonn daltaí faoi shlabhraí bia, an comhspleáchas a bhíonn idir plandaí agus ainmhithe i ngach gnáthóg agus an ról ríthábhachtach a bhíonn le fuinneamh ón ngrian.

Téama Gníomhaíocht ranga (GR).

Snáitheanna Curaclaim
OSIE, Eolaíocht – Plandaí agus ainmhithe;

Aithin na hidirchaidrimh agus an t-idirspleáchas idir plandaí agus ainmhithe i ngnáthóga áitiúla agus eile.

Amharcealaíona – Ag tarraingt, ag péintéireacht agus ag dathú; Tógáil.

Scileanna Ag ceistiú, ag breathnú, ag tuar, ag sórtáil, ag aithint, ag tarraingt, ag dathú, ag dearadh.

Am 30 nóiméad chun taighde a dhéanamh ar an slabhra bia; 40-50 nóiméad chun an móibíl a dhéanamh.



AN DÚLRA

Nótaí do Mhúinteoirí

leanúint →

4 Sórtáil é!
Tréithe plandaí agus ainmhithe

Sórtálann daltaí pictiúir nó grianghraif ainmhithe isteach i ngrúpaí de réir a dtréithe. Cuidíonn an múinteoir leis an bpróiseas sin. Déantar níos mó anseo ná bheith ag breathnú agus ag aithint ainmhithe agus plandaí agus déantar iad a ghrúpáil agus a rangú agus spreagtar daltaí le bheith ag smaoineamh ar cad iad na speicis a bhíonn cosúil lena chéile nó conas a bhíonn siad éagsúil óna chéile.

Téama Gníomhaíocht ranga (GR).

Snáitheanna Curaclaim
OSIE, Eolaíocht – Plandaí agus ainmhithe; Sórtáil dúile beo i dtacair agus cuir i ngrúpaí iad de réir gnéithe a bhíonn feiceálach.

Scileanna Ag ceistiú, ag breathnú, ag tuar, ag sórtáil, ag aithint.

Time 30 nóiméad.

5 Féach ar an éinín!
Ag breathnú ar éin agus ag déanamh cur síos orthu.

Bíonn daltaí ag breathnú ar éin ar thalamh na scoile agus tugann siad faoi deara go mbíonn gob ar éin a bhíonn in oiriúint don chineál bia a itheann siad.

Téama Gníomhaíocht Ranga (GR)

Snáitheanna Curaclaim
OSIE, Eolaíocht – Plandaí agus ainmhithe; Sórtáil dúile beo i dtacair agus cuir i ngrúpaí iad de réir gnéithe a bhíonn feiceálach.

Scileanna Ag ceistiú, ag breathnú, ag tuar, ag sórtáil, ag aithint.

Am 30 nóiméad.

6 Gníomh ainmhithe!
Ainmhithe agus a ngnáthóga

Ag féachaint ar ainmhithe ó ar fud an domhain agus ag fiafrú díobh cén fáth a maireann siad san áit a mhaireann siad. Dírigh ar conas a théann ainmhithe in oiriúint dá ngnáthóga agus ar thábhacht ghnáthóga don fhiadhúlra agus don bhithéagsúlacht.

Téama Gníomhaíocht Ranga (GR)

Snáitheanna Curaclaim
OSIE, Eolaíocht – Plandaí agus ainmhithe; Éagsúlacht agus tréithe dúile beo; Ag forbairt agus ag cur le feasacht maidir le plandaí agus ainmhithe ó imshaoil níos leithne.

Scileanna Ag ceistiú, ag breathnú, ag tuar, ag sórtáil, ag aithint.

Am 40 nóiméad.

7 Fréamhaithe go maith
Áit na gcrann in Éirinn

Bhíodh i bhfad níos mó crann in Éirinn tráth ná mar atá inniu. Cad iad na crainn ar leith a fuarthas inár gceantar? Cad is féidir linn a dhéanamh chun é sin a fháil amach? Spreagann an ghníomhaíocht seo daltaí ag smaoineamh ar a n-áit féin i ndáil leis an imshaol nádúrtha, ag díriú isteach ar ár gceantar áitiúil.

Téama Gníomhaíocht Ranga (GR)

Snáitheanna Curaclaim
OSIE, Eolaíocht – Dúile beo.

OSIE, Tíreolaíocht – Mapaí

Stair – Ag obair ó fhianaise.

Gaeilge – Foclóir

Scileanna Ag ceistiú, ag breathnú, ag tuar, ag sórtáil, ag aithint.

Am 40 nóiméad.